AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.2.2025
COM(2025) 44 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le cinneadh na Rannpháirtithe sa Chomhaontú Earnála maidir leis na Creidmheasanna Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta

IARSCRÍBHINN

Is é seasamh an Aontais Eorpaigh tacú leis na hathruithe ar Chomhaontú Earnála maidir le Creidmheas Onnmhairiúcháin le haghaidh Aerárthaí Sibhialta den Socrú a leagtar amach san Iarscríbhinn seo. Déantar tagairtí thíos d'Airteagail an tSocraithe agus do na hIarscríbhinní a ghabhann leis.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais ar Rannpháirtithe sa Socrú iad teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar sheasamh an Aontais gan cinneadh eile ón gComhairle.

Tá na nithe a chuirtear leis i **gcló trom agus folíne fúthu**:

CAIBIDIL I: CUMHDACH

18. Aerárthaí athláimhe agus earraí agus seirbhísí eile

Beidh feidhm ag an gCuid seo den Chomhaontú Earnála maidir le haerárthaí athláimhe agus innill spártha[1], páirteanna spártha, athchóiriú, mórmhodhnú, athfheistiú, conarthaí cothabhála agus seirbhíse d'aerárthaí agus d'fhearais innill nua agus athláimhe araon.

CAIBIDIL II: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA AIRGEADAIS

Na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais atá le cur i bhfeidhm **le haghaidh innill spártha agus aerárthaí athláimhe**[2], seachas an téarma uasta aisíocaíochta, beidh siad i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i gCuid 2 den Chomhaontú Earnála seo.

Is gnách earraí agus seirbhísí seachas aerárthaí nua, aerárthaí athláimhe agus innill nua a mhaoiniú le hiasachtaí a chumhdóidh tréimhse fhadaithe feidhmíochta conartha. Dá bhrí sin, na téarmaí agus na coinníollacha airgeadais atá le cur i bhfeidhm maidir le hearraí agus seirbhísí eile a chumhdaítear leis an gComhaontú Earnála seo, beidh siad i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i gCuid 2 den Chomhaontú Earnála seo, ach amháin mar a leagtar amach in Airteagal 22 thíos.

[...]

20. Innill spártha ~~*agus páirteanna spártha*~~

a) Nuair a cheannaítear~~,~~ nó a ordaítear iad i ndáil leis na hinnill le bheith suiteáilte ar aerárthach nua, féadfar an tacaíocht oifigiúil d'innill spártha a sholáthar ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna leis na téarmaí agus na coinníollacha don aerárthach.

~~Nuair a cheannaítear iad le haerárthach nua, féadfar an tacaíocht oifigiúil do pháirteanna spártha a sholáthar ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna leis na téarmaí agus na coinníollacha don aerárthach suas go dtí 5 % de ghlanphraghas an aerárthaigh nua agus na n-inneall suiteáilte; beidh feidhm ag mír d) thíos maidir le tacaíocht oifigiúil do pháirteanna spártha os cionn na teorann de 5 %.~~

b) Nuair nach gceannaítear innill spártha le haerárthach nua, 8 mbliana a bheidh sa téarma uasta aisíocaíochta. Maidir le hinnill spártha lena mbaineann luach aonaid USD 10 milliún nó níos mó, féadfar an téarma aisíocaíochta a mhéadú

[1] **Measfar go n-áirítear tagairtí do thiomántóirí breise sa tagairt d'innill spártha sa Chaibidil I seo.**

[2] **Measfar go n-áirítear tagairtí do thiomántóirí breise sa tagairt d'innill spártha sa Chaibidil I seo.**

go 10 mbliana, ar choinníoll go gcomhlíonann an t-idirbheart na ceanglais uile i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19.

c) ~~Nuair nach gceannaítear páirteanna spártha eile le haerárthach nua, is é seo a leanas an téarma uasta aisíocaíochta:~~

~~1) 5 bliana i gcás luach conarthach de USD 5 mhilliún nó os a chionn.~~

~~2) 2 bhliain i gcás luach conarthach níos lú ná USD 5 mhilliún.~~

21. Conarthaí le haghaidh Athchóiriú/Mórmhodhnúcháin/Athfheistiú

a) Maidir le hidirbheart le haghaidh athchóiriú, más rud é:

1) ~~G~~**g**o bhfuil luach USD 5 mhilliún nó os a chionn aige, agus

– ~~G~~**g**o gcomhlíonann sé na ceanglais go léir i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 8 mbliana.

– ~~N~~**n**ach gcomhlíonann sé na ceanglais go léir i bhFoscríbhinn II, Airteagal 19, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 5 bliana.

2) ~~G~~**g**o bhfuil luach níos lú ná USD 5 mhilliún aige, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 2 bhliain.

b) Más rud é gur le haghaidh mórmhodhnú nó athfheistiú atá idirbheart, féadfaidh Rannpháirtí tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí:

1) cúig bliana sa chás ina bhfuil luach USD 5 mhilliún nó os a chionn leis an gconradh; **agus**

2) ~~D~~**d**há bhliain sa chás ina bhfuil luach níos lú ná USD 5 mhilliún leis an gconradh.

22. Conarthaí Cothabhála agus Seirbhíse, **Páirteanna breise[3] (seachas Innill) agus Fearais Innill**

a) Cé is moite d'Airteagal 22 b) thíos, ~~F~~féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí ~~3~~ **5** bliana~~.~~ **tar éis thúsphointe an chreidmheasa má tá luach USD 5 mhilliún nó níos mó ag an gconradh, nó 2 bhliain má tá luach an chonartha níos lú ná USD 5 mhilliún.**

b) Nuair a cheannaítear iad le haerárthach nua, féadfar an tacaíocht oifigiúil do pháirteanna spártha a sholáthar ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna leis na téarmaí agus na coinníollacha don aerárthach suas go dtí 5 % de ghlanphraghas an aerárthaigh nua agus na n-inneall suiteáilte. Beidh feidhm ag Airteagal 22 a) maidir le tacaíocht oifigiúil do pháirteanna spártha os cionn na huasteorann 5 %.

c) Déanfaidh na Rannpháirtithe an méid seo a leanas:

[3] **D'fhonn amhras a sheachaint, áireofar conarthaí Cothabhála, Deisiúcháin agus Ollchóirithe i gConarthaí Cothabhála agus Seirbhíse.**

1) a cheangal go n-íocfar éarlais íosta 15 % de ghlanphraghas na bpáirteanna spártha, na bhfearas innill nó na gconarthaí cothabhála agus seirbhíse a fhaigheann tacaíocht ag túsphointe an chreidmheasa nó roimhe;

2) ní sholáthróidh siad tacaíocht oifigiúil os cionn 85 % de luach ghlanphraghas na bpáirteanna spártha, na bhfearas innill nó na gconarthaí cothabhála agus seirbhíse a fhaigheann tacaíocht.

d) Beidh feidhm ag rialacha préimhrátaí íosta CEA mar a leagtar amach in AGUISÍN II, ROINN 3: Préimhrátaí Íosta le haghaidh Earraí Agus Seirbhísí Seachas Aerárthaí Athláimhe a Chumhdaítear le Cuid 3 den Chomhaontú Earnála Seo.

~~23. Fearais innill~~

~~Féadfaidh na Rannpháirtithe tacaíocht oifigiúil a thairiscint lena mbaineann téarma aisíocaíochta suas go dtí 5 bliana.~~

[...]

Foscríbhinn V. Liosta Sainmhínithe

[...]

Túsphointe an Chreidmheasa: **Le haghaidh:**

– díol aerárthaí lena n-áirítear héileacaptair~~,~~ **agus** innill ~~agus páirteanna~~ spártha, ar a dhéanaí, an dáta iarbhír a ghlacann an ceannaitheoir seilbh go fisiceach ar na hearraí, nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir seilbh ar na hearraí

– **conarthaí cothabhála agus seirbhíse, páirteanna breise (seachas innill) agus fearais innill[4], i gcás an mhéid seo a leanas:**

i) **páirteanna, páirteanna spártha nó** ~~seilbh~~ earraí fisiceacha eile~~. I gcás seirbhísí,~~: nach déanaí an túsphointe ~~is déanaí~~ don chreidmheas **ná an dáta iarbhír a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na hearraí; nó**

ii) **le haghaidh conarthaí seirbhísí i gcás nach bhfuil tacaíocht á tabhairt d'aon pháirteanna, páirteanna spártha ná earraí fisiceacha eile: a)** an dáta a seoltar **na** sonraisc chuig an **gceannaitheoir nó a nglacann an ceannaitheoir leis na seirbhísí, nó b) an meándáta ualaithe a seoltar na sonraisc chuig an gceannaitheoir nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na seirbhísí, nó**

iii) **páirteanna, páirteanna spártha nó earraí agus seirbhísí fisiceacha eile i gcás ina maoinítear san idirbheart céanna iad: is é túsphointe an chreidmheasa an tráth is déanaí de a) an dáta iarbhír a nglactar leis na hearraí nó an meándáta ualaithe a nglactar leis na hearraí, nó b) an dáta iarbhír a seoltar na sonraisc chuig an gceannaitheoir nó an dáta iarbhír a**

[4] **D'fhonn amhras a sheachaint, áireofar conarthaí Cothabhála, Deisiúcháin agus Ollchóirithe i gConarthaí Cothabhála agus Seirbhíse.**

nglacann an ceannaitheoir leis na seirbhísí nó an meándáta ualaithe a seoltar na sonraisc chuig an gceannaitheoir nó an meándáta ualaithe a nglacann an ceannaitheoir leis na seirbhísí.

I gcás nach féidir an dáta iarbhír glactha nó an meándáta ualaithe glactha a shainiú roimh ré mar gheall ar chineál na n-earraí nó na seirbhísí, féadfar túsphointe an chreidmheasa a chinneadh agus úsáid á baint as meastachán réasúnta ar an dáta ábhartha nó ar an meándáta ualaithe.